An Aimsir Láithreach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar réamhaisnéis na haimsire ar TG4. Sula bhféachann tú ar an mír, bain úsáid as an stór focal seo chun cur síos a dhéanamh, don duine in aice leat, ar an aimsir atá ann inniu.

flichshneachta	sneachta
oighear	ceathanna
fearthainn	reophointe
tréimhsí gréine	an teocht
ceo	an ghaoth
scamallach	tirim

Ceist 2 (A) Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail sna boscaí a chríochnú?

An T_____

An tIarthu_____

An tOirthu_____

An tI_____

An tO_____

An tIardh_____

An tOirdh_____

An D_____

Ceist 2 (B) Cad is brí leis na téarmaí ***ó dheas*** agus ***ó thuaidh***?

Ceist 3 Anois, roghnaígí na focail chearta chun na bearnaí a líonadh sna habairtí.

aneas	**anoir**
aduaidh	**aniar**

- ✓ Má thagann an ghaoth ón tuaisceart, an ghaoth _____ atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón deisceart, an ghaoth _____ atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iarthar, an ghaoth _____ atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirthear, an ghaoth _____ atá ann.

Anois cad faoi na cinn seo?

- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirthuaisceart, an ghaoth _____ _____atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iarthuaisceart, an ghaoth _____ _____ atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iardheisceart, an ghaoth _____ _____ atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirdheisceart, an ghaoth _____ _____ atá ann.

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Líon na bearnaí leis an oiread eolais agus is féidir leat.

	Inniu	**Anocht**
sa tuaisceart		
san oirthuaisceart		
san iarthuaisceart		
sa deisceart		
san iarthar		
san oirthear		

2. Cén cineál aimsire a bheidh ann amárach?

3. Cén cineál aimsire a bheidh ann ar an gCéadaoin?

Ceist 5 Bhí na focail seo le cloisteáil sa mhír, cén leagan atá acu san uimhir iolra?

príomhscéal	_____
gaoth	_____
bóthar	_____
cith	_____
uair	_____
tréimhse	_____
áit	_____

I. An tréaniolraí nó lagiolraí iad?

II. Cuir na samplaí thuas in abairtí chun an tuiseal ginideach, uimhir iolra a léiriú. Féach ar na samplaí thíos chun cuidiú leat.

cearnóg (lagiolra): áilleacht na gcearnóg (tuiseal ginideach, iolra)

sráid (tréaniolra): salachar na sráideanna (tuiseal ginideach, iolra)

Ceist 6 '…*an lá dar gcionn*…'

Cuir na focail seo, a chuireann am in iúl san aimsir fháistineach, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- amárach
- arú amárach
- an Mháirt bheag seo
- coicís ó inniu
- an lá dar gcionn

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2 (A)
An Tuaisceart
An tOirthuaisceart
An tOirthear
An tOirdheisceart
An Deisceart
An tIardheisceart
An tIarthar
An tIarthuaisceart

Ceist 2 (B)
ó dheas – southwards, in the south
ó thuaidh – northwards, in the north

Ceist 3
- ✓ Má thagann an ghaoth ón tuaisceart, an ghaoth *aduaidh* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón deisceart, an ghaoth *aneas* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iarthar, an ghaoth *aniar* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirthear, an ghaoth *anoir* atá ann.

- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirthuaisceart, an ghaoth *anoir aduaidh* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iarthuaisceart, an ghaoth *aniar aduaidh* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón iardheisceart, an ghaoth *aniar aneas* atá ann.
- ✓ Má thagann an ghaoth ón oirdheisceart, an ghaoth *anoir aneas* atá ann.

Ceist 4
Féach an script.

Ceist 5
príomhscéal, príomhscéalta (tréaniolra): *fad na bpríomhscéalta*
gaoth, gaotha (lagiolra): *treo na ngaoth*
bóthar, bóithre (tréaniolra): *oighear na mbóithre*
cith, ceathanna (tréaniolra): *minicíocht na gceathanna*
uair, uaireanta (tréaniolra): *i gcaitheamh na n-uaireanta*
tréimhse, tréimhsí (tréaniolra): *fad na dtréimhsí*
áit, áiteanna (tréaniolra): *salachar na n-áiteanna*

Ceist 6
amárach – *tomorrow*
arú amárach – *the day after tomorrow*
an Mháirt bheag seo – *this Tuesday*
coicís ó inniu – *this day fortnight*
an lá dar gcionn – *the next day*

Irial Ó Ceallaigh

Tá fáilte ollmhór romhaibh go dtí an réamhaisnéis agus chuig na príomhscéalta ar fad. Agus, faoi láthair tá gaoth aniar aduaidh agus leis sin ba chóir go mbeadh sé fuar ar feadh roinnt laethanta eile. Beidh flichshneachta agus sneachta ar thalamh ard ó thuaidh, agus chomh maith leis sin, beidh oighear ar na bóithre anocht. Ach, ar maidin ar a naoi a chlog beidh ceathanna insa[1] deisceart faoin dtráth[2] sin agus ceo uaireanta ó dheas. Insan oirthear, beidh sé níos deise, beidh an fhearthainn sin ag glanadh soir tar éis. Beidh sé fuar, beidh sé timpeall[3] ar an reophointe i mBaile Átha Cliath agus san oirthuaisceart, ach tirim. Beidh flichshneachta agus sneachta insan iarthuaisceart uaireanta ach tréimhsí gréine chomh maith. An teocht ansin i Ros an Mhíl thimpeall seacht gcéim agus gaoth mheasartha aniar ag séideadh insan iarthuaisceart.

Thar oíche beidh flichshneachta agus sneachta ó thuaidh agus i dtuaisceart Chúige Laighean. Ó dheas de sin beidh ceathanna nó flichshneachta agus tar éis sin beidh sé níos deise ach beidh ceo ag forbairt thar oíche. Beidh sé fuar chomh maith le hoighear ar na bóithre. Beidh an teocht ag thimpeall céim faoi bhun an reophointe uaireanta i lár tíre, agus ó thuaidh; agus b'fhéidir sé chéim mar theocht is airde le cósta. Beidh gaoth aniar aduaidh insan iarthar níos déanaí.

Amárach aimsir mheasctha, flichshneachta agus sneachta ar thalamh ard ó thuaidh, ceathanna ó dheas agus níos measa san iarthar. Tréimhsí gréine uaireanta insan oirthear agus in áiteanna eile chomh maith, leis an ngaoth sin aniar aduaidh. Agus, an teocht is airde amárach idir trí chéim agus sé chéim, fuar más ea.

An lá dar gcionn ar an gCéadaoin, beidh banda báistí ag brú soir trasna na tíre, titim mar fhlichshneachta ach tirim don tromlach, ach scamallach chomh maith, leis an ngaoth sin fós aniar aduaidh nó fiú amháin aduaidh. An teocht idir timpeall trí chéim ó thuaidh agus seacht gcéim ó dheas.

Seo mar atá geallta don cheithre lá atá amach romhainn. Fuar, flichshneachta agus sneachta ar thalamh ard ó thuaidh, ach, beidh sé tirim den chuid is mó. Rachaidh muid díreach anois go dtí na príomhscéalta ar fad ar Nuacht TG4.

[1] Tá *insa/insan* ina leagan canúnach. *Sa/san/sna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil.
[2] *faoin tráth* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *thimpeall* a deirtear